
NPWS

An tSeirbhís Páirceanna
Náisiúnta agus Fiadhúlra
National Parks and Wildlife Service

# Athbhreithniú ar 2024

## An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra



Arna ullmhú ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra

**NPWS.ie**





# Clár Ábhair

| | |
|---|---|
| Réamhrá ón Aire James Browne | 02 |
| Réamhrá ón Aire Stáit Christopher O'Sullivan | 03 |
| Réamhrá ónár nArd-Stiúrthóir | 04 |
| Ár Misean agus Luachanna | 06 |
| Faoin tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra | 08 |
| Ár gCuid Oibre | 15 |
| Athbhreithniú ar 2024 | 28 |
| Buaicphointí 2024 | 31 |
| Tuairisciú ar ár bhFeidhmíocht | 34 |
| Forbhreathnú Airgeadais 2024 | 35 |
| Ag Féachaint Romhainn | 36 |

# **Réamhrá** ón Aire James Browne



Is cúis mhór áthais dom, in éineacht le mo chomhghleacaí ag an Roinn, an tAire Stáit Christopher O'Sullivan, an tAthbhreithniú 2024 seo ar an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra a fhoilsiú.

**IS MÓR AN ONÓIR DOM É** a bheith i gceannas ar an Roinn atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ár n-oidhreacht nádúrtha.

Mar chuid den rannóg oidhreachta sa Roinn, tá ról lárnach ag SPNF maidir le hoidhreacht nádúrtha na hÉireann a chosaint. Tá an ról sin ag éirí níos tábhachtaí ná riamh, ach níos casta, agus muid ag féachaint le haghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim aeráide agus bhithéagsúlachta agus na gealltanais náisiúnta agus idirnáisiúnta atá againn sa réimse seo a chomhlíonadh.

Ní mór tacú leis an gcumas, na scileanna éagsúla agus an cheannaireacht atá ag teastáil ó SPNF chun an dúlra a chosaint agus a athchóiriú. Aithnítear an méid sin go soiléir le Clár nua an Rialtais, agus le leibhéil infheistíochta níos mó ná riamh inár n-oidhreacht nádúrtha, lena n-áirítear €78 milliún bunchistiú do SPNF in 2025.

Tá fás tagtha ar SPNF mar Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin as féin laistigh den Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ónar foilsíodh an Plean Gníomhaíochta Straitéisí um Athnuachan in 2022. Tá struchtúir nua i bhfeidhm chun SPNF a neartú ionas go mbeidh sé in ann gníomhú mar ghuth iontaofa ar son an dúlra.

## Téann ár n-oidhreacht nádúrtha in Éirinn i gcion ar ár saol laethúil, ar ár sláinte agus folláine agus ar ár gcomhshaol, ach tá sí fíor-riachtanach freisin dár dtodhchaí


Ba cheart go mbeadh SPNF bródúil as an méid a bhain sé amach anuraidh, lena n-áirítear talamh a fháil don dúlra, an líon Páirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra a leathnú, tionscadail chaomhantais a leathadh amach, mar aon le raon scéimeanna a thacaíonn le pobail, le húinéirí talún agus le feirmeoirí, agus a dhreasaíonn iad.

Ba mhaith liom rannchuidiú ollmhór fhoireann SPNF ar fud na tíre a aithint agus buíochas a ghabháil leo as a dtiomantas agus a ndúthracht agus iad ag obair chun oidhreacht nádúrtha na hÉireann a chosaint. Is acmhainn den chéad scoth iad ár bhfoireann i seirbhís an Stáit agus mar chaomhnóirí dár n-acmhainní náisiúnta luachmhara, agus tá siad lárnach dár n-éachtaí leanúnacha sa Roinn.

Téann ár n-oidhreacht nádúrtha in Éirinn i gcion ar ár saol laethúil, ar ár sláinte agus folláine agus ar ár gcomhshaol, ach tá sí fíor-riachtanach freisin dár dtodhchaí. Tá sé de dhualgas orainn í a chur ar aghaidh slán sábháilte chuig an gcéad ghlúin eile.

Táim ag tnúth le bheith ag obair le hAire Stáit O'Sullivan sna blianta amach romhainn, chun a chinntiú go bhfuil SPNF ullmhaithe chun ár n-oidhreacht nádúrtha a chosaint do ghlúnta amach anseo.

Dúchas is Dóchas. Is fúinne atá sé iad a fhorbairt agus a chosaint.



**James Browne TD**
An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

# **Réamhrá** ón Aire Stáit Christopher O'Sullivan



## Tá lúcháir orm an tAthbhreithniú 2024 seo ón SPNF a chur i láthair in éineacht le mo chomhghleacaí, an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta James Browne TD.

**IS ÉICEACHÓRAIS RÍTHÁBHACHTACHA** iad ár bPáirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra lena ndéantar an t-athrú aeráide a chomhrac agus spásanna a sholáthar le haghaidh áineasa, folláine mheabhrach agus taitneamh a bhaint as tírdhreacha fiáine na hÉireann. Tá mé ar bís agus an ról tábhachtach seo a ghlacadh orm féin mar Aire Stáit le freagracht as an Dúlra, an Oidhreacht agus an Bhithéagsúlacht – ní fhéadfadh sé tarlú ag am níos tábhachtaí.

Tar éis dom dul i mbun oifige níos luaithe i mbliana, bhí roinnt deiseanna agam páirt a ghlacadh in obair na Gníomhaireachta, agus is léiriú é an tAthbhreithniú seo ar mo thaithí go dtí seo. Tá uair na cinniúna buailte linn i ndáil lenár bhfreagairt ar an ngéarchéim bhithéagsúlachta. Tá an-dul chun cinn á dhéanamh againn trí thalamh a fháil don dúlra, tacaíocht an phobail agus bearta caomhantais réamhghníomhacha, ach ag an am céanna tá riosca ann dár sócmhainní is luachmhara ó thionchar gníomhaíochtaí dóiteáin neamhdhleathacha, speicis ionracha, athrú aeráide agus ó choireacht fiadhúlra.

Tá dul chun cinn déanta, arna spreagadh ag ceannaireacht nua agus athrú laistigh den SPNF. Tá go leor le foghlaim ón gcuntas a chuirtear i láthair anseo. Ní mór dúinn oibriú i gcomhar le pobail, le húinéirí talún, le feirmeoirí, agus le gníomhaireachtaí eile chomh maith. Féadann an eolaíocht na huirlisí a thabhairt dúinn, ach ní mór iad a chur i bhfeidhm trí eolas áitiúil a úsáid. Tá feasacht phoiblí, rannpháirtíocht an phobail agus an gníomh an-tábhachtach. Ní mór go dtacófar leis sin uile trí infheistíocht mharthanach agus trí cheannaireacht pholaitiúil láidir.

Tá an Rialtas fós an-tiomanta dár n-oidhreacht nádúrtha a chosaint agus a athchóiriú. Ní hamháin gurb é sin an rud ceart le déanamh, ach léiríonn sé freisin freagrachtaí na hÉireann faoi reachtaíocht agus Treoracha an Aontais, lena n-áirítear an Dlí um Athbhunú Dúlra a tháinig i bhfeidhm anuraidh. Leanfaimid de bheith ag infheistiú inár bPáirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra, ag tacú le hobair iontach SPNF, agus Plean Athchóirithe Dúlra a sholáthar a bheidh ionchuimsitheach agus a chuirfidh Éire ar thús cadhnaíochta maidir le caomhantas agus athchóiriú bithéagsúlachta.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'fhoireann SPNF ar fud stiúrthóireachtaí agus réigiúin, mar aon leis na húinéirí talún, feirmeoirí agus pobail as a n-iarrachtaí chun ár mbithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú.

Tá sé fíor-riachtanach a chinntiú go bhfuil na hacmhainní ag SPNF atá ag teastáil uaidh ionas go mbeidh sé rathúil chun na spásanna sin a chosaint do na speicis a mbraitheann orthu chun go mairfidh siad, agus do na milliúin cuairteoir freisin a bhaineann taitneamh as Páirceanna Náisiúnta na hÉireann gach bliain. Táim ag tnúth le bheith ag obair go dlúth le SPNF, faoi cheannaireacht an Ard-Stiúrthóra Niall Ó Donnchú, agus le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara eile. Is taisce í oidhreacht nádúrtha na hÉireann, agus tá freagracht chomhroinnte orainn í a chosaint agus tá deis againn gníomhú ar a son.



**Christopher O'Sullivan**
An tAire Stáit le freagracht as an Dúlra, an Oidhreacht agus an Bhithéagsúlacht

# **Réamhrá** ónár nArd-Stiúrthóir



Is mór an onóir dom é an Athbhreithniú ar an mBliain seo a chur i láthair ar son na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra le haghaidh 2024; bliain, inar leanamar orainn ag fás agus ag forbairt mar eagraíocht.

Bhain cuid mhaith dúshlán agus deiseanna leis **AN MBLIAIN SEO**, agus táim bródúil as a thabhairt le fios gur baineadh amach na spriocanna a leagtar amach inár **bPlean Gníomhaíochta Straitéisí 2022-2024** den chuid is mó.

I rith na bliana, dhíríomar ar an bplean a chur i ngníomh, ar ár misean chun an dúlra a chosaint a bhaint amach agus ar an-dul chun cinn a dhéanamh maidir le gnáthóga a athchóiriú agus speicis a dhaingniú.

Leanamar den dul chun cinn maidir leis an leibhéal foirne a fhás in SPNF – ar fud na tíre agus ar fud na ról. Is iad ár bhfoireann an tsócmhainn is fearr atá againn, agus tá sé fíor-riachtanach fós ár n-infheistíocht i soláthar foirne a mhéadú.

Tá méadú suntasach tagtha ar ghníomhaíocht ar son na bithéagsúlachta le blianta beaga anuas, agus béim láidir á cur ar chomhar le húinéirí talún agus le pobail áitiúla, lena gcumasaítear freagairt chomhchoiteann ar an ngéarchéim bhithéagsúlachta. Leis an raon leathan tionscnamh, tionscadal, agus sruthanna cistithe a bhainistíonn SPNF, tá athrú dearfach á bhaint amach ar son an dúlra.

Le linn na bliana seo ina raibh éachtaí móra, áirítear leis na buaicphointí ár n-infheistíochtaí in éadálacha straitéiseacha ardluacha dúlra, lena n-áirítear bunú na chéad Pháirce Náisiúnta mara, Páirc Náisiúnta na Mara, Ciarraí; cur chun feidhme bearta caomhantais ar bhreis is 90 láithreán Natura 2000; foilsiú **4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht (PGNB) 2023-2030;** comhar feabhsaithe le gníomhaireachtaí forfheidhmithe eile amhail an Garda Síochána, ónar eascair sraith ionchúiseamh rathúil a thug SPNF; trí ghradam mór le rá a bhuachan – Gradam 2024 Natura 2000 sa chatagóir 'Ag oibriú le chéile ar son an dúlra', Áit Dhúspás Spéire ó DarkSky International do Pháirc Náisiúnta Néifinne Fiáine agus Gradam Claochlaithe Dhigitigh na hEarnála Poiblí as ár gcuid oibre claochlaithí ar ríomhcheadúnú. Is fianaise iad na gradaim sin de na comhghleacaithe den chéad scoth atá againn ar fud na tíre; is léiriú an-soiléir iad ar a ngairmiúlacht agus a gcumas chun éacht a dhéanamh don dúlra agus iad ag obair ar son agus i measc a bpobal.

Agus anois cuirimid 8 bPáirc Náisiúnta agus 77 Anaclann Dúlra i láthair an phobail atá ar cuairt!

Gné lárnach dár rath i mbliana is ea gur lean an Rialtas de thús áite a thabhairt don dúlra, rud a léirítear leis an méadú marthanach ar bhunchistiú — ó €28.7 milliún in 2020 go €69.1 milliún in 2024. Chomh maith le Clár LIFE an Aontais agus cistiú eile a bhaineann leis an mbithéagsúlacht, tugtar ár mbuiséad iarbhír le haghaidh 2024 go thart ar €120 milliún. Mhéadaigh SPNF a sholáthar foirne freisin ó 349 in 2020 go 558 in mí na Nollag 2024.

Tá méadú suntasach tagtha ar ghníomhaíocht ar son na bithéagsúlachta le blianta beaga anuas, agus béim láidir á cur ar chomhar le húinéirí talún agus le pobail áitiúla, lena gcumasaítear freagairt chomhchoiteann ar an ngéarchéim bhithéagsúlachta

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt dár nAirí – an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an tAire le freagracht as an Dúlra, an Oidhreacht agus an Bhithéagsúlacht – dár máthair-Roinn, do pháirtithe leasmhara poiblí, lena n-áirítear Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit, agus baill den phobal, agus buíochas a ghabháil leo as a dtacaíocht leanúnach don obair a dhéanaimid. Tá ról lárnach ag páirtithe leasmhara neamhrialtasacha freisin maidir leis an mbéim a ghéarú ar chomhlíonadh ár gcuid spriocanna dúlra.

Ní bheadh rath ná fás leanúnach SPNF indéanta gan tiomantas agus dúthracht iontach ár gCoiste Bainistíochta agus ár gcomhghleacaithe ar fud na tíre. Cé go bhfuil an obair sin an-fhiúntach, tá sí dúshlánach freisin, agus ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leo as a dtiomantas dílis, a ndúthracht agus a gcúnamh sárluachmhar a raibh ról ríthábhachtach aige maidir lenár n-iarrachtaí chun an dúlra a chosaint.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin do na baill foirne sin a chuaigh ar scor le bliain anuas, cuid acu a chaith 40 bliain nó níos mó ag freastal ar an dúlra agus ar SPNF, agus buíochas a ghabháil leo.


Mar Ard-Stiúrthóir SPNF, táim muiníneach, de réir mar a bhogaimid ar aghaidh in 2025, go bhfuilimid i staid níos láidre, ag leanúint dár spriocanna uaillmhianacha a leagtar amach inár **bPlean Straitéiseach 2023-2025** agus ag baint amach tionchar níos mó agus torthaí níos fearr don ghlúin seo agus don chéad ghlúin eile.



**Niall Ó Donnchú**
Ard-Stiúrthóir




Ní bheadh rath ná fás leanúnach SPNF indéanta gan tiomantas agus dúthracht iontach ár gCoiste Bainistíochta agus ár gcomhghleacaithe ar fud na tíre



# Ár Misean

## Is é Misean SPNF

# AN DÚLRA A CHOSAINT



# Ár Luachanna

Grá domhain don dúlra, agus tiomantas dá chúram agus dá chosaint.

Comhpháirtíocht, obair bhuíne agus barr feabhais, agus bród daingean as ár ngairmiúlacht agus ár macántacht eolaíoch.

Féiniúlacht láidir agus guth iontaofa don dúlra.

Trédhearcacht agus cuntasacht inár gcinnteoireacht.

Barr feabhais sa tseirbhís a chuirimid ar fáil don phobal.

# Faoin tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra

Is Gníomhaireacht Feidhmiúcháin é SPNF laistigh den Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, atá freagrach go príomha as an gcaomhantas dúlra, cosaint fiadhúlra agus cur i láthair agus caomhnú ár bPáirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra.

## Tá raon éagsúil freagrachtaí ag SPNF:

- Feidhmeanna tábhachtacha comhairle beartais agus déanta beartais i ndáil leis an dúlra agus leis an mbithéagsúlacht;
- Raon leathan freagrachtaí oibriúcháin, lena n-áirítear bainistiú 8 bPáirc Náisiúnta, 77 Anaclann Dúlra, agus tailte éagsúla Stáit eile atá inrochtana don phobal;
- Bainistiú raon clár AE, mar aon leis na mílte beart caomhantais ar fud Líonra Natura agus Páirceanna Náisiúnta;
- Sainchúram leathan eolaíoch, lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar ghnáthóga, ar speicis agus ar láithreáin ainmnithe, agus tabhairt faoi thaighde eolaíoch;
- Príomh-chomhordaitheoir an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht;
- Comhairlí reachtúil i ndáil le hábhair phleanála, lena n-áirítear pleananna forbartha contae agus réigiúnacha, foraoiseacht agus forbairt talmhaíochta;
- Feidhmeanna rialála agus ceadúnaithe;
- Scéimeanna deontais a riar chun tacú le pleananna feirme, bearta caomhantais, gníomhartha ar son na bithéagsúlachta, mar aon le bearta um rialú speiceas ionrach;
- Cosaint, imscrúdú agus forfheidhmiú maidir le coireacht fiadhúlra.






## Páirceanna Náisiúnta

1. Tá Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha suite i gcroílár Chontae Dhún na nGall. Cuimsítear Caisleán agus Gairdíní Ghleann Bheatha feadh Loch Ghleann Bheatha léi.

2. Tá Páirc Náisiúnta Néifinne Fiáine suite ar bhord farraige an Iarthair in iarthuaisceart Mhaigh Eo agus is ann atá Portach na hAbhann Duibhe, atá ar cheann de na córais bhratphortaigh dheireanacha shlána in Iarthar na hEorpa.

3. Cuimsítear cuid de shliabhraon Bheanna Beola le Páirc Náisiúnta Chonamara, mar aon le tailte a bhí ina gcuid d'Eastát Mhainistir na Coille Móire agus Scoil Saothair Leitir Fraic tráth dá raibh.

4. Tá Páirc Náisiúnta Bhoirne suite i gcúinne oirdheisceart Bhoirne i gContae an Chláir agus tá cáil idirnáisiúnta uirthi as a tírdhreach pábhála aolchloiche agus flóra uathúil.

5. Tá Páirc Náisiúnta Chill Airne suite in iardheisceart Chiarraí. Cuimsítear sléibhte, lochanna, coillearnacha agus easanna leis an bPáirc, mar aon le hEastát Mhucrois.

6. Is í Páirc Náisiúnta na Mara, Ciarraí, an chéad Pháirc Náisiúnta Mara in Éirinn. Is inti atá sceireacha mara, láithreáin chósta mhórthíre agus láithreáin mhuirí ar chósta Chiarraí agus amach ón gcósta.

7. Cuimsítear tailte a fuair SPNF le déanaí le Páirc Náisiúnta Bhrú na Bóinne, arb iad aon trian d'achar iomlán Mhaoin Oidhreachta Domhanda EOECNA Brú na Bóinne.

8. I bPáirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin tá bóithre sléibhe, lochanna doimhne agus gleannta coillteacha, lena gcuimsítear Ionnaíocht mhainistreach Naomh Caoimhín ag Gleann Dá Loch.

**8** Páirceanna Náisiúnta

**77** Anaclanna Dúlra



# Príomhréimsí Fócais SPNF

1. **Tacaíocht a thabhairt do chinnteoireacht agus infheistíocht a bhaineann leis an dúlra** ar gach leibhéal den tsochaí in Éirinn trí threoir fheabhsaithe shothuigthe, comhroinnt dea-chleachtais, comhairle, tacaíocht agus forfheidhmiú.

2. **Rannpháirtíocht phobail agus shochaíoch a chothú** sa dúlra agus bithéagsúlacht, trí chumarsáid, rannpháirtíocht agus saorálaíochas éifeachtach.

3. **SPNF a fheabhsú** ó thaobh ceannaireachta, barr feabhais luchta saothair agus forbairt acmhainne de.

4. **SPNF a leathnú agus a fhorbairt** ó thaobh bonneagair agus saoráidí de.


5. **Claochlú eagraíochtúil a bhaint amach** mar a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta Straitéisí SPNF 2022-2024.

# Struchtúr Eagraíochtúil

In 2024, d'oibrigh SPNF faoi struchtúr neartaithe bainistíochta feidhmiúcháin a tugadh isteach an bhliain roimhe sin chun tacú le fás agus claochlú leanúnach na heagraíochta.

Rinneadh an struchtúr seo, a cuireadh in oiriúint go páirteach le moltaí ó athbhreithniú neamhspleách, a bheachtú a thuilleadh trí mheasúnú inmheánach, as ar eascair bunú na seacht Stiúrthóireacht fheidhmeacha. Díríonn gach Stiúrthóireacht ar phríomhréimse freagrachta, lena gcumasaítear ceannaireacht níos éifeachtaí, comhordú feabhsaithe, agus acmhainn bhreisithe chun na spriocanna straitéiseacha a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta Straitéisí SPNF 2022-2024 a chomhlíonadh.

Léiríodh go bhfuil an struchtúr ríth-ábhachtach chun tacú le ról athraitheach na heagraíochta sa chaomhantas dúlra, cosaint oidhreachta, agus soláthar seirbhíse le linn 2024.



# Ár gCoiste Bainistíochta

Tá Coiste Bainistíochta SPNF comhdhéanta den Ard-Stiúrthóir agus seachtar Stiúrthóirí, a bhfuil gach duine acu i gceannas ar Stiúrthóireacht fheidhmeach agus a ghlacann príomhról i gceannaireacht feidhmiúcháin na heagraíochta.

Tá an Coiste freagrach as rialachas láidir eagraíochtúil a chinntiú, cuspóirí straitéiseacha a shocrú, agus cinntí a dhéanamh maidir le hábhair thábhachtacha gnó agus beartais. Tugann sé ceannaireacht freisin maidir le maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí laethúla SPNF, lena gcinntítear ailíniú ar fud na Stiúrthóireachtaí agus lena spreagtar comhlíonadh ár gcuid tosaíochtaí.
Bhí cruinniú seachtainiúil ag an gCoiste Bainistíochta le linn 2024, lenar tugadh maoirseacht leanúnach agus cinnteoireacht shofhreagrúil chun tacú le claochlú leanúnach agus éifeachtacht oibríochtúil na heagraíochta.





## Ár bhFoireann

Is acmhainn den chéad scoth iad ár bhfoireann i seirbhís an Stáit agus mar chaomhnóirí dár n-acmhainní náisiúnta luachmhara

Tá struchtúr SPNF éagsúil ó thaobh na tíreolaíochta de (breis is 43 oifig ar fud 9 Réigiún SPNF), agus i bhfianaise fairsinge a chuid feidhmeanna, baineann sé leas as raon leathan inniúlachtaí speisialaithe agus gairmiúla. Tá 26 grád difriúil in SPNF lena gcuimsítear gráid ghairmiúla, thionsclaíocha agus riaracháin, mar aon le sainscileanna bainistíochta agus déanta beartais.

Úsáideann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRAO) earcaíocht spriocdhírithe lena chinntiú go bhforbraítear agus go neartaítear acmhainn, tallann agus ceannaireacht inmheánach, agus go bhfuil na daoine agus na scileanna cearta ag SPNF. Le linn 2024, ceapadh 50 ball foirne ar fud gráid éagsúla trí earcaíocht oscailte, inmheánach agus idir-rannach.

Ag deireadh 2024, bhí 558 ball foirne buan ag obair in SPNF, méadú 59% ó 350 in 2020 agus méadú 9.6% ar 2023. Is acmhainn den chéad scoth iad ár bhfoireann i seirbhís an Stáit agus mar chaomhnóirí dár n-acmhainní náisiúnta luachmhara, agus tá siad lárnach fós dár n-éachtaí leanúnacha.

**43** Oifig ar fud 9 Réigiún SPNF

**558** Ball foirne buan



## Is caomhnóirí muid ar ár n-oidhreacht nádúrtha, agus an dúlra agus an fiadhúlra á mbainistiú agus á gcosaint againn do ghlúnta amach anseo

# Ár gCuid Oibre

Ag cur leis na tosaíochtaí a leagtar amach i bPlean Straitéiseach SPNF 2023-2025, ba bhliain í 2024 ina ndearnadh dul chun cinn suntasach maidir lenár misean lárnach agus cuspóirí straitéiseacha a chomhlíonadh.

**LEIS AN BPLEAN STRAITÉISEACH,** a forbraíodh mar thoradh díreach ar ár bPlean Gníomhaíochta Straitéisí 2022-2024, soláthraítear creat láidir chun ár gcuid oibre sa chosaint bithéagsúlachta, bainistiú oidhreachta agus forbairt eagraíochtúil a threorú.

Le linn 2024, dhírigh SPNF ar thosaíochta an Phlean a aistriú ina dtorthaí follasacha, agus príomhthionscnaimh a spreagadh lena léirítear ár n-acmhainn fheabhsaithe agus tiomantas don chaomhantas bithéagsúlachta agus cosaint oidhreachta a chur chun cinn.

## Tosaíochtaí Straitéiseacha

1. **Comhairle eolaíoch den chéad scoth a sholáthar** don SPNF, don Aire agus don Rialtas chun tacú leis an gcosaint dúlra.

2. Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do **bharr feabhais an chaomhantais dúlra** in Éirinn agus é a bhainistiú.

3. **An dúlra a chosaint agus cuidiú le coireacht fiadhúlra a chosc** trí thacaíochtaí, oibríochtaí, beartais, oideachas agus feasacht fheabhsaithe.

4. **Ár bpáirceanna náisiúnta agus anaclanna dúlra a bhainistiú** ar son chaomhantas an dúlra, agus ar son an oideachais agus na rochtana poiblí ar aoibhneas an dúlra freisin.

5. **Bonn reachtach cosanta dúlra** a sholáthar atá láidir agus éifeachtach.

6. **Rannpháirtíocht inmheánach agus seachtrach**, rialachas corparáideach agus tacaíochtaí gnó den chéad scoth a fhorbairt agus a sholáthar.

7. **Tacú leis an gcosaint dúlra** trí rannpháirtíocht AE agus idirnáisiúnta den chéad scoth.


# Tosaíocht Straitéiseach 1

## Comhairle eolaíoch den chéad scoth a sholáthar don SPNF, don Aire agus don Rialtas chun tacú leis an gcosaint dúlra.

Lean SPNF d'obair eolaíoch ríthábhachtach a dhéanamh le bheith mar bhonn faoi oibleagáidí tuairiscithe agus bainistiú caomhantais gnáthóg agus speiceas le linn 2024.

- Doiciméid mhionsonraithe faoi chuspóirí caomhantais suíomh-oiriúnaithe maidir le 519 láithreán Natura 2000 (439 Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta agus 80 Limistéar faoi Chosaint Speisialta), agus clár oibre leanúnach chun iad sin a chur i gcrích le haghaidh na Limistéar faoi Chosaint Speisialta eile sa chéad leath de 2025.
- Foilsíodh 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéag-súlacht (PGNB) 2023-2030 i mí Eanáir 2024 agus leagtar amach leis fís na hÉireann don bhithéagsúlacht, is é sin, faoi 2050 "go bhfuil meas ar an mbithéagsúlacht in Éirinn. Caomhnaítear í, athneartaítear í agus úsáidtear í ar bhealach inbhuanaithe. Déantar cúram de sheirbhísí éiceachórais freisin, rud a chothaíonn pláinéad sláintiúil agus a chuireann buntáistí ar fáil do chách".

  Rinneadh iarracht mhór le forbairt an Phlean thar thréimhse dhá bhliana, trí rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus tacaíocht, comhairle agus ionchur ón Meitheal Idir-Rannach um Bithéagsúlacht agus ón bhFóram neamhspleách um Bithéagsúlacht. Is é seo an chéad Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht a dtacaítear leis an reachtaíocht, agus ceanglais dhlíthiúla ar chomhlachtaí poiblí chun an bhithéagsúlacht a chur san áireamh agus a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh acu agus chun tuairisciú ar ghníomhartha a ghlactar mar thacú le cuspóirí an Phlean.








## Tá dlús á chur faoi ghníomhaíocht chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí do Chromán na gCearc

- Rinneadh roinnt clár suirbhé agus monatóireachta ar ghnáthóga AE faoi chosaint le bheith mar bhonn faoi oibleagáidí tuairiscithe AE 2025 Airteagal 17 agus Airteagal 12.
- Seoladh an Plean Freagartha ar Bhagairtí do Chromán na gCearc i mí Mheán Fómhair. Leis an bplean, tugtar achoimre ar na príomhbhagairtí agus brúnna a dhéanann difear do Chromán na gCearc in Éirinn, agus moltar sraith gníomhartha tras-earnála chun aghaidh a thabhairt ar a mheath breise agus é a chosc. Tá suim mhór ag páirtithe leasmhara sa Phlean agus, trí é a sholáthar, tá Éire ag léiriú a tiomantais maidir lena hoibleagáidí a chomhlíonadh faoin Treoir maidir le hÉin chun Cromán na gCearc a chosaint agus a chaomhnú.
- Tús Chomhpháirtíocht Eorpach Nuálaíochta na Lapairí Goir (Breeding Waders EIP), comhpháirtíocht idir SPNF agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.
- Dúnadh ‘Chás na nÉan’, Cás C 418/04, an Coimisiún v Éire, tar éis breis is deich mbliana d’infheistiú mór i gcaomhnú na n-éan.
- 11 Lámhleabhar Fiadhúlra na hÉireann foilsithe, a chiallaíonn go bhfuil líon iomlán 157 lámhleabhar ar fáil anois: www.npws.ie/publications/irish-wildlife-manuals.
- Leanadh den chomhairle agus taighde eolaíoch agus praiticiúil a sholáthar i ndáil leis an dúlra a bhainistiú i gcomhthéacs talmhaíochta. Déantar é sin trí thionscadail taighde, for-rochtain (mar shampla, Farming For Nature), Scéim Plean Feirme SPNF agus rannpháirtíocht le comhghleacaithe sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir le ACRES, Comhpháirtíochtaí Eorpacha Nuálaíochta agus tionscnaimh eile.

**157**
Lámhleabhar Fiadhúlra na hÉireann foilsithe go dtí seo

**519**
doiciméad mionsonraithe faoi chuspóirí caomhantais suíomhoiriúnaithe foilsithe

# Tosaíocht Straitéiseach 2

## Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do bharr feabhais an chaomhantais dúlra in Éirinn agus é a bhainistiú.

Le linn 2024, léiríomar ár dtiomantas don dúlra a chosaint i ngníomh, trí roinnt príomhchlár, lena n-áirítear:

- Ainmniú 11 Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta ag Ionstraim Reachtúil.
- Chuir 90+ láithreán Natura 2000 bearta caomhantais chun feidhme faoi Chlár na mBeart Caomhantais.
- Plean Píolótach comhaontaithe leis an gCoimisiún Eorpach chun sonraí Bheart Caomhantais na hÉireann faoi bhreis is 400 láithreán Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta a thiomsú agus a sholáthar, mar fhreagairt ar rialú ón gCúirt Bhreithiúnais Eorpach i gCás C 444/21.
- Cosaint mhéadaithe ar uiscí mara in Éirinn ó 2% go 9%, lena gcuirtear le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais, lena n-áirítear cosaint ar cheithre cinn de na láithreáin Natura is mó i stair an Stáit. Áirítear leis sin Scairbh Torcáin agus Cainneoin Theas, lena gcumhdaítear 3,000km$^2$ d'uiscí mara iarthuaisceart Mhuir Éireann. Cruthaíodh Limistéar faoi Chosaint Speisialta Fharraigí amach ó Loch Garman agus táthar ag fanacht ar phróiseas ainmnithe reachtúil le bheith tugtha i gcrích.
- Seoladh rathúil Scéim Rannpháirtíochta Pobail Tailte Portaigh agus Natura. (SRPTPN): bronnadh €458,000 cistiú deontais ar 36 grúpa faoi SRPTPN in 2024.
- Cuireadh bearta athchóirithe gnáthóige tailte portaigh i gcrích ar limistéar de bhreis is 565 heicteár thar ocht láithreán portaigh ardaithe faoi chosaint le linn 2024 faoi chláir SPNF, agus rinneadh oibreacha ullmhúcháin ar láithreáin eile sa líonra Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta agus Limistéar Oidhreachta Nádúrtha na bportach ardaithe.

**€458k**
de chistiú deontais a bronnadh faoi SRPTPN in 2024

**565** heicteár
d'athchóiriú tailte portaigh a cuireadh i gcrích





- Le hAthchóiriú Bogach Thóchar, tionscadal athchóirithe bogach trí bliana, arna chomhchistiú ag Rialtas na hÉireann agus an tAontas Eorpach trí Chlár an Chistithe um Aistriú Cóir den Aontas, díríodh ar dtús ar an lár tíre agus ar fhearann an Aistrithe Chóir in 2024. Tagann ainm an tionscadail seo ó na céadta cosán ársa nó tóchar a leag ár sinsear amach ar na portaigh. Déanann SPNF, trí rannpháirtithe a thabhairt ar thuras athchóirithe dúlra, chun infheistíocht sna bogaigh agus ina bpáirtithe leasmhara a chinntiú, tionchar dearfach ar a mhéid pobail is féidir.
- I mí Aibreáin, seoladh Páirc Náisiúnta na Mara, Ciarraí, áit a bhfuil teacht ar láithreáin éagsúla thart ar leithinis Dhaingean Uí Chúis agus uiscí Chiarraí in aice léi. Leis an bPáirc nua (an t-ochtú ceann agus an ceann is mó in Éirinn), tá cuid de na háiteanna is luachmhara ó thaobh na héiceolaíochta de san Eoraip i dteannta a chéile, mar cheiliúradh ar an dúlra ar fud 70,000 acra talún agus farraige.

Tá sí i measc éadálacha nua eile an SPNF, amhail an Chonair, dobhar-cheantar na hAbhann Móire, tailte ag Cnoc Bréanainn agus córas na ndumhcha ag Leithinis Inse. Tá tábhacht ollmhór ag baint le tírdhreacha, oileáin agus farraigí an réigiúin seo ó thaobh na bithéag-súlachta de. Mar aon leis na seacht bpáirc eile, beidh Páirc Náisiúnta na Mara, Ciarraí ina páirc shuaitheanta maidir le cosaint agus athchóiriú na n-áiteanna dochreidte sin agus maidir le fiadhúlra éagsúil a bhfuil tábhacht dhomhanda ag baint leis atá ina gcónaí ann. Tá réadmhaoin Oidhreachta Domhanda EOECNA Sceilg Mhicíl i gcroílár oidhreacht chultúrtha na Páirce. Tabharfaidh an Pháirc onóir don oileán agus do na pobail chósta a chónaíonn in aice léi trína chinntiú go mbeidh a n-oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha uathúil lárnach do scéal na háite speisialta sin amach anseo.

Táimid ag tnúth le bheith ag oibriú lenár gcomhpháirtithe, Oifig na nOibreacha Poiblí, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, Coimisinéirí Soilse na hÉireann, Cairde Éanlaith Éireann, Comhairle Contae Chiarraí agus na pobail áitiúla chun Páirc Náisiúnta den chéad scoth a bhaint amach.

- Clár LIFE
  - Is é Clár LIFE ionstraim chistithe an Aontais don chomhshaol agus don ghníomhú ar son na haeráide. Le linn 2024, lean SPNF de 7 gclár LIFE a riar agus tacaíocht a thabhairt do chomhpháirtithe ina leith, lena n-áirítear trí bheith i gceannas ar Thionscadal Comhtháite LIFE ar Dhúlra Fiáin an Atlantaigh, LIFE Traonach agus LIFE ar Mhachair, arb é is aidhm dóibh uile gnáthóga agus speicis luachmhara na hÉireann a chosaint agus a athchóiriú.
  - Lean Tionscadal Comhtháite LIFE ar Dhúlra Fiáin an Atlantaigh dá chomhpháirtíocht maidir le hath-chóiriú tailte portaigh le Gníomh-aireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann agus le NatureScot, a chistítear trí Thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte.

# Tosaíocht Straitéiseach 3

## An dúlra a chosaint agus cuidiú le coireacht fiadhúlra a chosc trí thacaíochtaí, oibríochtaí, beartais, oideachas agus feasacht fheabhsaithe.

Tá an chosaint fiadhúlra bunriachtanach d'obair SPNF, agus tá aird agus tiomantas níos mó ná riamh ag an eagraíocht chun dul i ngleic léi. Bunaíodh aonad tiomanta do Choireacht Fiadhúlra in 2023 agus tá an fhoireann ag obair ar fud réigiúin uile na tíre chun aghaidh a thabhairt ar an gcoireacht fiadhúlra. Bhí roinnt príomhéachtaí ann in 2024:

- Comhar agus comhoibriú feabhsaithe le gníomhaireachtaí forfheidhmithe amhail an Garda Síochána, lena n-áirítear Ceardlann Coireachta Fiadhúlra a reáchtáladh i gColáiste an Gharda Síochána sa Teampall Mór, seicphointí comhpháirteacha agus cruinnithe réigiúnacha agus imeachtaí oiliúna eile.
- Lean SPNF de phatróil agus monatóireacht thráthrialta spriocdhírithe chun cuidiú le coireacht fiadhúlra a dhíspreagadh agus a bhrath le linn 2024.
- Thionscain SPNF 30 ionchúiseamh nua as sáruithe líomhnaithe reachtaíochta fiadhúlra in 2024 le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus éisteadh le 29 cás sna Cúirteanna.
- Cruthaíodh bosca ríomhphoist nua, WildlifeEnforcement@npws.gov.ie in 2024 chun coireacht fiadhúlra a thuairisciú do SPNF, agus is féidir é sin a dhéanamh freisin trí oifigí áitiúla SPNF nó tríd an nGarda Síochána.
- Tá bainistiú chás Imeachtaí Iomlánacha i gcoinne an Stáit ag leanúint ar aghaidh.

Tá an chosaint fiadhúlra bunriachtanach d'obair SPNF, agus tá aird agus tiomantas níos mó ná riamh ag an eagraíocht chun dul i ngleic léi





- Tugadh cás eadrána seanbhunaithe chun críche, rud a raibh ceannach an Stáit de thailte ainmnithe mar thoradh air.
- D'eisigh SPNF, mar Údarás Bainistíochta an Choinbhinsiúin maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol thart ar 2,400 Teastas agus Cead do speicis a liostaítear in aguisíní CITES
- CITES: Rinneadh ionadaíocht ar Éirinn ag cruinniú na gCoistí um Ainmhithe agus Plandaí sa Ghinéiv i mí Iúil 2024.
- Leanadh de Bhainistiú Chaomhantas na patraisce broinnliatha ar thailte SPNF ag Loch na Buaraí i gCo. Uíbh Fhailí, agus fógraíodh go mbunófar é mar Anaclann Náisiúnta Dúlra d'éin talún feirme. Bhí rannpháirtíocht shuntasach le daonra mór maidir le hábhair chaomhantais i gceantar Bhaile Átha Cliath, na Mí agus Lú.
- Cuireann Anaclann Dúlra Phortach Chlóirthigh nua agus í athoscailte i gCo. Uíbh Fhailí, Portach Chlóirthigh a chuir os comhair an phobail, atá ar ceann de na samplaí is fearr de phortaigh ardaithe in Iarthar na hEorpa.
- Cúiteamh Móna Tailte Portaigh – rinneadh 3,170 íocaíocht faoin Scéim Chúitimh Scoir de Bhaint Móna in 2024, lena n-áirítear iarratais nua a faomhadh agus a íocadh in 2024, agus faomhadh agus íocadh iarratasóirí breise faoin Scéim Dreasachta Athchóirithe Portach Ardaithe Cosanta. Leis sin, tacófar le caomhantas na bportach ardaithe cosanta agus athchóiriú láithreáin ainmnithe eile in 2025.
- Scéim Athchóirithe agus Athshlánúcháin Díchoimisiúnaithe Feabhsaithe (SAADF). Agus SPNF mar Rialtóir, cuireadh tús in 2024 le hobair athshlánúcháin ar 2,771 heicteár d'iarthailte portaigh tionsclaíocha faoi SAADF, obair a chistítear faoin bPlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta. Leis sin, is 18,861 heicteár, an t-achar iomlán tailte portaigh a ndearadh bearta athshlánúcháin orthu ónar cuireadh tús le SAADF in 2020.

**30**
ionchúiseamh nua as sáruithe líomhnaithe ar an reachtaíocht fiadhúlra in 2024

**3,170**
íocaíocht a rinneadh faoin Scéim Chúitimh Scoir de Bhaint Móna

# Tosaíocht Straitéiseach 4

## Ár bpáirceanna náisiúnta agus anaclanna dúlra a bhainistiú ar son chaomhantas an dúlra, agus ar son an oideachais agus na rochtana poiblí ar aoibhneas an dúlra freisin.

Le linn 2024, lean ár bPáirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra de bheith ina n-inspioráid, agus a dtairiscint oideachais agus saoráidí á bhforbairt ionas gur féidir leis an bpobal an dúlra a rochtain agus a thuiscint agus taitneamh a bhaint as. I measc na bpríomhéachtaí tá:

- Oibreacha caipitiúla suntasacha agus bainistiú conairí, go príomha maidir le sláinte agus sábháilteacht phoiblí ag ár bPáirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra, lena n-áirítear oibreacha athchóirithe ag Túr Thiarna Chnoc Bréanainn i bPáirc Náisiúnta Chill Airne.
- I mbliana leanadh den infheistíocht i rialú na speiceas ionrach ar fud ár láithreán Páirce Náisiúnta, agus bhí béim ar leith ar Pháirc Náisiúnta Chill Airne. Is príomhthosaíocht fós é an t-infheistiú leordhóthanach sa réimse sin, chun aghaidh a thabhairt ar an mbrú seasta a chuireann speicis ionracha ar bun, speicis a bhfuil tionchair shuntasacha comhshaoil agus sláinte agus sábháilteachta acu ar chóras na bPáirceanna Náisiúnta.
- Le foilsiú Straitéis Coillearnaí Ghleann Bheatha agus tionscnamh beart (e.g. bailiú agus síolrú síolta, cur crann, bainistiú speiceas ionrach, fálú, bainistiú fianna, cláir feasachta dúlra, agus monatóireacht flóra coillearnaí).
- Scaoileadh iolar mara i bPáirc Náisiúnta Chill Airne chun leanúint d'athbhunú an phobail sin a bhí díofa tráth.

I mbliana leanadh den infheistíocht i rialú na speiceas ionrach ar fud ár láithreán Páirce Náisiúnta, agus bhí béim ar leith ar Pháirc Náisiúnta Chill Airne





**2,200**
uair an chloig saorálaithe a caitheadh i bPáirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin

**600** acra
de shíneadh le Páirc Náisiúnta Chonamara

- I bPáirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin, lean an clár saorálaithe i rith na bliana, agus d'athchóirigh 44 lá saorálaithe (thart ar 2,200 uair an chloig saorálaithe) móin lom ag áiteanna áirithe airde móire agus doshroichte sa Pháirc, agus bhlocáil siad draenacha agus chuir siad silteáin.
- Rinneadh suirbhéanna bithéagsúlachta bonnlíne ag ár bPáirc Náisiúnta nua ag Brú na Bóinne agus cuireadh tús le hobair ar raon feidhme Mháistirphlean na Páirce a mheas le comhpháirtithe i Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, d'fhonn bainistíocht atá níos dírithe ar an gcaomhantas a bhaint amach in 2025.
- Cuireadh síneadh 600 acra le Páirc Náisiúnta Chonamara i mbliana, lena sínítear an Pháirc in dhá threo, i dtreo an Chlocháin agus na Coille Móire, mar aon le fáil 30 heicteár ag Anaclann Dúlra Chnoc Meá chun coillearnach a chur.
- Conair shiúil nua a fhaomhadh agus a thosú – Conair na Tiníleach – i bPáirc Náisiúnta Chonamara.
- Seoladh an comhairliúchán poiblí maidir le todhchaí ár bPáirceanna Náisiúnta i bPáirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin i mí Dheireadh Fómhair – is éard atá in 'Do Pháirceanna, Do Thuairim' an chéad chéim de phlé náisiúnta chun eolas a dhéanamh do shainmhíniú, cuspóir agus bainistiú ár bPáirceanna Náisiúnta.
- Dul chun cinn ar sholáthar foirne ag ár bPáirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra, lena n-áirítear:
  - ceapachán Bainisteoirí Réigiúnacha nua le haghaidh Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha agus Páirc Náisiúnta nua Bhrú na Bóinne;
  - líonadh poist Oifigeach Caomhantais Dúiche, Oibrithe Ginearálta agus Treoraithe go náisiúnta;
  - leathnú na foirne Maoirseoirí Fiadhúlra agus feabhsú a gcuid scileanna, comhroinnt a n-eolais agus tógáil a muiníne maidir le gníomhartha caomhantais, lena n-áirítear trí mhodúl nua píolótach Oiliúna Forfheidhmithe Dlí, arna fhorbairt ag an Stiúrthóireacht Forfheidhmithe Fiadhúlra agus Cosanta Dúlra agus arna óstáil sa Rannóg Thoir Theas.

# Tosaíocht Straitéiseach 5

## Bonn reachtach cosanta dúlra a sholáthar atá láidir agus éifeachtach.

Lean SPNF dá chuid oibre chun an reachtaíocht ábhartha a athbhreithniú agus a nuashonrú, chun a cinntiú go ndéanann dlíthe na hÉireann an dúlra a chosaint ar bhealach níos fearr, go gcomhlíonann siad dlí an Aontais, agus go bhfuil siad níos éasca agus níos soiléire i dtéarmaí comhlíonta agus forfheidhmithe.

- Sheol an tAonad Ceadúnaithe Fiadhúlra (ACF) an Tairseach Ceadúnaithe Oidhreachta go rathúil i mí an Mheithimh 2024. Próiseáladh breis is 6,600 iarratas ar cheadúnas seilge fianna go hiomlán ar líne.
- Leanann ACF de rúnaíocht a chur ar fáil agus cuireann sé leis an bhFóram Páirtithe Leasmhara ar Sheilg Inbhuanaithe Éan Fiáin agus le Grúpa Straitéise Bainistíochta Fianna na hÉireann.
- I mí Mheán Fómhair, thug an tAonad Reachtaíochta an chéad chéim de chomhairliúchán poiblí i gcrích maidir le reachtaíocht fiadhúlra agus rialacháin ghaolmhara a athbhreithniú agus a nuashonrú. Fuarthas 287 aighneacht a phléigh saincheisteanna iomadúla éagsúla. Reáchtáil an tAonad réamhchomhairliúchán freisin le 20 grúpa páirtithe leasmhara in 2023 agus 2024.
- Ionstraim Reachtúil a sholáthar chun síneadh a chur le séasúr na seilge fianna.
- Ceadúnaíonn SPNF 59 zú, agus cuireadh sraith cigireachtaí zú bliantúla i gcrích le linn na bliana.
- Reáchtáladh Fóram Náisiúnta Measúnachta Cuí i mí Aibreáin agus mí Dheireadh Fómhair lenar áiríodh ionadaíocht ó 25 údarás poiblí.

Lean SPNF dá chuid oibre chun an reachtaíocht ábhartha a athbhreithniú agus a nuashonrú, chun a cinntiú go ndéanann dlíthe na hÉireann an dúlra a chosaint ar bhealach níos fearr



# Tosaíocht Straitéiseach 6

## Rannpháirtíocht inmheánach agus seachtrach, rialachas corparáideach agus tacaíochtaí gnó den chéad scoth a fhorbairt agus a sholáthar.

Le linn 2024, lean an Stiúrthóireacht Gnóthaí Corparáideacha de thacú le SPNF agus leis an Roinn maidir lenár misean an Dúlra a Chosaint agus tacú le hinbhuanaitheacht eagraíochtúil. Baineadh amach roinnt bunspriocanna inghnóthaithe in 2024:

- Cur chun feidhme Phlean Gníomh-aíochta Straitéisí 2022-2024 SPNF.
- 14 éadáil talún straitéiseacha Ardluacha Dúlra, de bhreis is 1,800 heicteár thar 9 gcontae. Áirítear leis sin fáil na Conaireach, Co. Chiarraí, mar aon le síntí le roinnt Páirceanna Náisiúnta atá ann cheana.
- Soláthar feisteas oibre brandáilte SPNF don fhoireann uile ar fud na tíre chun gairmiúlacht agus aithint branda SPNF a chur chun cinn, agus timpeallacht oibre shábháilte shláintiúil á coinneáil ar bun an tráth céanna.
- Comhordú rannpháirtíocht SPNF i ngníomhaíochtaí rannpháirtíochta poiblí, lena n-áirítear Comórtas BT na nEolaithe Óga, Seachtain Náisiúnta Bithéagsúlachta, Bord Bia Bloom 2024, Seachtain Náisiúnta Oidhreachta ag Páirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra, Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2024.
- 62 Preaseisiúint eisithe – dhírigh scéalta ar Pháirceanna Náisiúnta, caomhantas, speicis agus gnáthóga i mbaol agus coireacht fiadhúlra. Ba iad na scéalta is mó a raibh tóir orthu ná, Traonaigh, Coirnigh, Cág gobdhearg, Cuach agus Iolair mhara.
- Cur i gcrích an Athbhreithnithe ar Chóras Faisnéise Geografaí agus Cianbhraiteacht Oidhreachta faoi Nuachóiriú TFC Oidhreachta agus tús chur chun feidhme Chéim 1.
- Sonraí 130 tionscadal inaimsithe ar líne trí Shonraí Oscailte (https://data.gov.ie/ga/)

**14** éadáil talún straitéiseacha Ardluacha Dúlra



# Tosaíocht Straitéiseach 7


## Tacú leis an gcosaint dúlra trí rannpháirtíocht AE agus idirnáisiúnta den chéad scoth.

Le linn 2024, lean SPNF de bheith ag tacú go gníomhach le cosaint an dúlra trí rannpháirtíocht AE agus idirnáisiúnta den chéad scoth.

- Tugadh isteach Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Speiceas Coimhthíoch Ionrach) [I.R. 374/2024] in 2024. Leis an reachtaíocht sin, déantar an creat reachtaíochta atá ann cheana a nuashonrú agus a neartú maidir le rialú agus bainistiú speiceas coimhthíoch ionrach in Éirinn. Tugtar éifeacht do Rialachán (AE) maidir le speiceas coimhthíoch ionrach i gcomhthéacs náisiúnta leis na Rialacháin sin freisin.
- Threoraigh SPNF cosaint na hÉireann go rathúil ar dhá chás um shárú ag an gCúirt Bhreithiúnais Eorpach maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) maidir le speiceas coimhthíoch ionrach. Rinne an reachtaíocht nua, in éineacht le roinnt pleananna gníomhaíochta conaire nua, oibleagáidí reatha na hÉireann faoi Rialachán AE a chomhlíonadh agus tarraingíodh siar an dá chás ón gCúirt.
- Ghlac SPNF ról ríthábhachtach chun rith an Rialacháin maidir le hAthchóiriú an Dúlra a bhaint amach ag an gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis na struchtúir Tras-Rannach is gá agus coiste comhairleach neamhspleách a chur i bhfeidhm lena dtugtar le chéile saineolas trasearnála chun comhlíonadh tráthúil an Phlean Athchóirithe Dúlra a chinntiú agus chun SPNF a chumasú chun a fhreagracht comhordaithe náisiúnta don Phlean a dhéanamh, mar a sainordaíodh le Cinntí ón Rialtas i mí na Samhna 2022 agus mí Dheireadh Fómhair 2024.
- Rinne SPNF ionadaíocht ar Éirinn ag cruinnithe roinnt comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha suntasacha, lena n-áirítear COP 14 CSI NA (an Coinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine, Samarkand, an Úisbéiceastáin, mí Feabhra 2024) agus COP 16 CBÉ NA (an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, Cali, an Cholóim, Deireadh Fómhair/Samhain 2024), agus léirigh sé cur chuige réamhghníomhach na hÉireann agus dhaingnigh sé a ghealltanas chun dhul i ngleic le saincheisteanna bithéagsúlachta domhanda.

## Lean SPNF de bheith ag tacú go gníomhach le cosaint an dúlra trí rannpháirtíocht AE agus idirnáisiúnta den chéad scoth





# Tacaímid le cosaint an dúlra trí rannpháirtíocht AE agus idirnáisiúnta

# Athbhreithniú ar 2024

## Páirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra

**5.5 milliún**
cuairteoir chugainn

**500km**
de chonairí agus siúlbhealaigh a cothaíodh agus a uasghrádaíodh

## Talamh a fháil le aghaidh an Dúlra

**14**
éadáil talún straitéiseacha Ardluacha Dúlra, de bhreis is 1,800 heicteár thar 9 gcontae

## Coireacht Fiadhúlra

**Comhar méadaithe**
leis an nGarda Síochána agus le gníomhaireachtaí eile chun coireacht fiadhúlra a chomhrac

**30**
cás ionchúisimh nua tionscanta as sáruithe líomhnaithe ar an reachtaíocht fiadhúlra

**29** cás ionchúisimh faoin reachtaíocht fiadhúlra a éisteadh leo sna Cúirteanna

## Scéimeanna don Dúlra

**221** tionscadal Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil a cistíodh thar 31 Údarás Áitiúil (cistiú €2.33m). Áiríodh leis na tionscadail rialú ar speiceas ionrach, suirbhéanna gnáthóige agus caomhantais speicis

**337**
Plean Feirme SPNF i bhfeidhm (buiséad €2.2m)

**2,255**
iarratas a íocadh faoin Scéim Chúitimh Scoir de Bhaint Móna

**€458k**
cistiú deontais bronnta ar 36 grúpa faoin Scéim Rannpháirtíochta Pobail Tailte Portaigh agus Natura. (SRPTPN)

## Ceadúnú & Reachtaíocht

**1,880**
tarchur reachtúil pléite ag an Aonad Treorach agus Comhairle Éiceolaíche

**9,200**
ceadúnas eisithe thar 28 cineál ceadúnais

**6,600**
iarratas ar cheadúnas seilge fianna próiseáilte go hiomlán ar líne

**68**
cigireacht zú curtha i gcrích, 55 Ceadúnas eisithe

**9,000**
iarratas ar fhorbairt próiseáilte

## Láithreáin ainmnithe

**36**
doiciméad faoi chuspóirí caomhantais suíomhoiriúnaithe maidir le 519 láithreán Natura 2000

**90+**
láithreán Natura 2000 agus bearta caomhantais curtha chun feidhme faoi Chlár na mBeart Caomhantais

**11**
Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta ainmnithe trí Ionstraim Reachtúil

## Cistiú/ Tionscadail Eorpacha

**Tacaíocht leanúnach**
do chlár LIFE, 7 dTionscadal, lena n-áirítear Dúlra Fiáin an Atlantaigh, LIFE Traonach agus LIFE ar Mhachair

**Cosaint mhéadaithe**
ar uiscí mara in Éirinn ó 2% go 9%, lena gcuirtear le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais

## Caidreamh Poiblí agus na Meáin

**62**
Preaseisiúint eisithe

## Gníomhaíochtaí rannpháirtíochta poiblí

Comórtas BT
**na nEolaithe Óga**

Bord Bia
**Bloom 2024**

**Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2024**

**Seachtain Náisiúnta Bithéagsúlachta**

**Seachtain Náisiúnta Oidhreachta** ag Páirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra

## Athnuachan Eagraíochta

Cur chun feidhme **Phlean Gníomhaíochta Straitéisí SPNF 2022-2024**

**130**
sonraí tionscadal inaimsithe ar líne trí Shonraí Oscailte (https://data.gov.ie/ga/)

Cur i gcrích an **Athbhreithnithe ar Chóras Faisnéise Geografaí & Cianbhraiteacht Oidhreachta**

# Buaicphointí 2024



AIBREÁN

## Bunú na chéad Pháirce Náisiúnta Mara in Éirinn

I mí Aibreáin, cuireadh Páirc Náisiúnta na Mara, Ciarraí, an chéad Pháirc Náisiúnta mhara in Éirinn, le punann SPNF. Leis an bPáirc nua, tá teacht agat i dteannta a chéile, ar chuid de na háiteanna is luachmhara ó thaobh na héiceolaíochta de san Eoraip, mar cheiliúradh ar an dúlra thar breis is 70,000 acra talún agus farraige, rud a fhágann gurb í an Pháirc Náisiúnta is mó (agus an t-ochtú páirc) in Éirinn. Beidh an Pháirc tiomanta do chosaint agus d'athchóiriú ar a bithéagsúlacht a mbaineann suntas idirnáisiúnta léi agus ar a hoidhreacht seandálaíochta.

**70,000**
acra talún agus farraige

## Lá Natura 2000

BEALTAINE

Óstáladh BioBlitz 2024 thar roinnt láithreán in Éirinn i mí na Bealtaine, lenar cuireadh deis uathúil ar fáil chun feasacht a mhúscailt agus plé a dhéanamh leis an bpobal mór maidir le caomhantas dúlra.

## Gradam 2024 Natura 2000

I mí na Bealtaine, bhuaigh Tionscadal Comhtháite LIFE ar Dhúlra Fiáin an Atlantaigh (DFA), arna stiúradh ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Gradam 2024 Natura 2000 sa chatagóir 'Ag obair le chéile ar son an dúlra'. Le Gradam Natura 2000, cuirtear tionscadail i dtábhacht lena léirítear barr feabhais sa chaomhantas dúlra agus sa talamhúsáid inbhuanaithe. Is é Dúlra Fiáin an Atlantaigh an chéad tionscadal in Éirinn a bhuaigh gradam den sórt sin.



BEALTAINE



BEALTAINE

## LIFE Traonach

Bhí tuilleadh ratha in 2024 le tionscadal LIFE Traonach lena dtugtar feirmeoirí agus úinéirí talún le chéile chun gnáthóga a fheabhsú do thraonaigh sa Líonra Limistéar faoi Chosaint Speisialta agus sa talamh feirme máguaird. Léiríodh in 2024 gur tháinig méadú 40% ar an traonach goir le 5 bliana anuas. I mí na Bealtaine, ghlac breis is 80 duine páirt i gceardlann a sheol an tAire Malcolm Noonan agus a raibh cuid mhaith d'fheirmeoirí agus d'úinéirí talún an tionscadail i láthair uirthi.



BEALTAINE

## Tairseach Ceadúnaithe Oidhreachta

Sheol an tAonad Ceadúnaithe Fiadhúlra an Tairseach Ceadúnaithe Oidhreachta go rathúil i mí an Mheithimh. Próiseáladh breis is 6,600 iarratas ar cheadúnas seilge fianna go hiomlán ar líne in 2024.

LÚNASA

## Seachtain Oidhreachta

I mí Lúnasa, thug an tAire Noonan cuireadh don phobal Seachtain Náisiúnta Oidhreachta a cheiliúradh ag Páirc Náisiúnta nó Anaclann Dúlra agus bhí breis is daichead imeacht ar siúl i bPáirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra ar fud na tíre. Áiríodh leis na himeachtaí conairí siúil, taispeántais agus gníomhaíochtaí oideachasúla. Ba é téama na Seachtaine Náisiúnta Oidhreachta i mbliana ná 'Naisc, Bealaí agus Líonraí'.



**40+**
imeachtaí ar siúl i bPáirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra

MEÁN FÓMHAIR

## Comórtas Treabhdóireachta

Bhí an 93ú Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta ar siúl i Ráithín an Uisce, Co. Laoise, i mí Mheán Fómhair. Chuir an imeacht sin deis iontach ar fáil chun ár gcuid oibre cosanta dúlra a chur i láthair tríd an bpobal a rannpháirtiú go gníomhach i dtionscadail caomhantais dúlra SPNF, lena n-áirítear ár dtionscadal AE (LIFE); trí achoimre a thabhairt ar thacaíochtaí agus ar scéimeanna atá ar fáil don phobal feirmeoireachta (lena n-áirítear Pleananna Feirme agus Caomhantas Tailte Portaigh) agus trí shraith snáitheanna idirghníomhacha amhairc lena dtugtar beocht d'obair SPNF sa chaomhantas dúlra.

## Mucros 60

In 2024, cheiliúr Teach Mhucrois agus SPNF comóradh 60 bliain ó osclaíodh an teach do chuairteoirí an 14 Meitheamh 1964. Mar chuid den cheiliúradh, d'óstáil SPNF agus Bord Iontaobhaithe Theach Mhucrois roinnt taispeántas, siúlóidí agus turais threoraithe agus saorchead isteach ar Theach Mhucrois agus Feirmeacha Traidisiúnta Mhucrois le linn dheireadh seachtaine an chomóraidh (14-16 Meitheamh).

MEITHEAMH



## Bainistiú Inbhuanaithe Cuairteoirí

D'óstáil SPNF comhdháil EUROPARC maidir le bainistiú inbhuanaithe cuairteoirí ar Pháirceanna Náisiúnta, i gCathair na Mart i mí Dheireadh Fómhair.

DEIREADH FÓMHAIR




## Nascadh Páirceanna Náisiúnta

I mí Dheireadh Fómhair, shínigh Páirc Náisiúnta Néifinne Fiáine i Maigh Eo comhaontú nasctha le Páirc Náisiúnta Yosemite in California, rud a fhágfaidh go gcomhroinnfidh an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra eolas agus taithí trasna an Atlantaigh. Oibreoidh na páirceanna i gcomhar i réimsí ar nós bainistiú caomhantais gnáthóg agus speiceas, athchóiriú agus feabhsú gnáthóg, oideachas dúlra agus aeraíocht inbhuanaithe.

D'athnuaigh Páirc Náisiúnta Chonamara a comhaontú nasctha féin, le Páirc Náisiúnta Terra Nova i gCeanada, ar feadh cúig bliana breise. Cosnaíonn an dá pháirc éiceachórais chomhchosúla de phortaigh, bogaigh agus coillearnacha, agus cosnaíonn siad cuid mhaith speiceas coitianta, an cat crainn san áireamh. Tá nasc láidir stairiúil agus cultúrtha freisin idir cósta thiar Thalamh an Éisc agus Éire.

DEIREADH FÓMHAIR



DEIREADH FÓMHAIR

## 5ú Anaclann Dúlra Chontae Chill Chainnigh

I mí Dheireadh Fómhair, thug an tAire Stáit le freagracht as an Dúlra, Oidhreacht agus Athchóiriú Toghcháin le fios go raibh sé ar intinn aige, chun díreach faoi bhun 67 heicteár (165 acra) talún a cheannach laistigh de Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Shliabh na Cúlchoille i gCill Chainnigh, agus chun é a ainmniú mar Anaclann Dúlra nua Chill Chainnigh, Anaclann Dúlra Gale's Hill.



NOLLAIG

## Gradam DarkSky Mhaigh Eo

Bronnadh Áit Dhúspás Spéire na bliana ó DarkSky International ar Pháirc Spéire Dhorcha Mhaigh Eo i bPáirc Náisiúnta Néifinne Fiáine i mí na Nollag. Baineann an gradam le héachtaí ceannaireachta domhanda i dtaobh laghdú truaillithe solais, tacaíocht agus oideachas spéire dorcha laistigh de theorainneacha na páirce agus lasmuigh díobh, agus chuir siad i dtábhacht go háirithe tionscadal Bhaile Uí Fhiacháin, Féile Spéire Dorcha Mhaigh Eo agus óstáil ALAN 2025 mar phríomhéachtaí.

## Féile Buailteachais Gheimhridh Bhoirne

D'óstáil Páirc Náisiúnta Bhoirne Féile Buailteachais Gheimhridh Bhoirne i mí Dheireadh Fómhair. Ag croílár an cheiliúrtha sin tá an cleachtas atá ann leis na céadta bliain lena mbogann feirmeoirí áitiúla a n-eallach chuig féaraigh bairr cnoic – nó 'buailteachais gheimhridh' – ina dtéann siad ar thóir foráiste agus ar fánaíocht go dtí an t-earrach. Mar gheall ar thábhacht an chleachtais ionchuir íseal sin chun flóra cáiliúil Bhoirne a chosaint, tá an 'buailteachas geimhridh' tagtha chun a bheith ina léiriú ar an tábhacht níos leithne a bhaineann le feirmeoirí agus feirmeoireacht na hÉireann don tsochaí tráth géarchéime bithéagsúlachta.

DEIREADH FÓMHAIR

## Tionscadail Rathúla Gortha

Ba bhliain an-rathúil í 2024 ag láithreán lapairí goir Chúil Dreas i gCo. Chill Mhantáin agus bhí rath freisin ag láithreán Geabhróga Beaga Chill Chomhghaill, láithreán Geabhróga Beaga Chathóir agus Oileán Mhuire le haghaidh Geabhróga goir. Iarracht fhad-téarmach atá san obair ag na láithreáin sin agus sáraítear dúshláin nua gach bliain ionas go mbeidh rath fós ar na daonraí éan goir sin.



# Tuairisciú ar ár bhFeidhmíocht

## Plean Gníomhaíochta Straitéise 2022-2024

Seoladh Plean Gníomhaíochta Straitéise 2022-2024 i mí na Bealtaine 2022, lena gcomhlíontar príomhghealltanas de Chlár an Rialtais chun athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar ról agus ar shainchúram SPNF. Forbraíodh an Plean chun tacú le SPNF agus chun é a neartú, agus leagtar amach leis 46 beart straitéiseach arb é is aidhm dóibh eagraíocht níos athléimní a bhfuil acmhainní agus cumais níos fearr aici a thógáil – eagraíocht ar féidir léi freagairt na hÉireann ar an ngéarchéim bhithéagsúlachta a threorú ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

Is é cuspóir uileghabhálach an Phlean SPNF a ullmhú leis na struchtúir, na córais agus an cumas is gá chun a shainordú a chomhlíonadh go héifeachtach: caomhantas, cosaint agus athchóiriú oidhreacht nádúrtha na hÉireann. Leis an bPlean, soláthraítear treochlár maidir le hathnuachan, lena gcinntítear go bhfuil SPNF in áit mhaith mar fhórsa lárnach údarásach sa bheartas agus cleachtas bithéagsúlachta.

Leis an tionscnamh sin, léirigh an Rialtas a thiomantas láidir don dúlra agus don bhithéagsúlacht, agus chuir siad béim ar thábhacht SPNF athnuaite a chumasaítear chun an caomhantas, agus t-athchóiriú agus an tacaíocht a threorú ar son an dúlra. Leis an bPlean, aithnítear an gá atá le comhlacht náisiúnta inchreidte dea-thacaithe atá in ann torthaí fiúntacha a sheachadadh d'éiceachórais, do ghnáthóga agus do speicis.

Cuireadh an Plean i gcrích i mí an Mhárta 2024 agus rinneadh dul chun cinn substaintiúil. Cuireadh formhór mór na mbeart i gcrích, é sin, nó tá siad á gcur chun feidhme faoi láthair. Mar thoradh air sin, tá SPNF in áit i bhfad níos fearr anois chun tabhairt faoi na dúshláin agus na freagrachtaí a bhaineann le caomhantas bithéagsúlachta sna blianta amach romhainn.

Leis an bPlean, ullmhaítear SPNF leis an gcumas eagraíochtúil agus na struchtúir tacaíochta chun é a chumasú chun a shainordú maidir le cosaint ár n-oidhreachta nádúrtha a chomhlíonadh



# Forbhreathnú Airgeadais 2024

Tháinig méadú suntasach ar bhunchistiú SPNF ó €28.7m in 2020 go €69.1m in 2024. Léirítear leis sin gealltanas leanúnach chun aghaidh a thabhairt ar an tearcmhaoiniú a bhain leis an dúlra agus an bhithéagsúlacht san am a chuaigh thart agus chun filleadh ar leibhéil infheistíochta 2008.

Shroich caiteachas iomlán i ndáil le cláir straitéiseacha SPNF €78 milliún in 2024.

| | | Soláthar sna Meastacháin 2024 €000 | Olltoradh 2024 €000 |
|---|---|---|---|
| F.5 | Oidhreacht Náisiúnta (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra) | 54,400 | 56,775 |
| F.8 | Caomhantas agus Athchóiriú Tailte Portaigh | 17,750 | 21,220 |
| | – Soláthar sna meastacháin | 14,750 | |
| | – Géilleadh iarchurtha | 3,000 | |
| **Iomlán** | | **72,150** | **77,995** |

# Ag Féachaint Romhainn

## Ba bhliain chinniúnach í 2024 do SPNF agus don dúlra.

**LEANTAR DEN BHORRADH** faoi luas an athraithe mar a fhéachann SPNF ar aghaidh go 2025. Dírítear ár gcuid oibre fós ar riocht agus bainistiú 600 gnáthóg ainmnithe na hÉireann a fheabhsú, lena gcinntítear cosaint láidir dár bPáirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra, agus comhlíonadh neartaithe na dTreoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga. Sa chomhthéacs sin, tá an tuairisciú leanúnach a dhéanaimid faoi Airteagal 12 (Treoir maidir le hÉin) agus Airteagal 17 (Treoir maidir le Gnáthóga) fíor-riachtanach fós maidir le stádas caomhantais a mheasúnú agus gníomhaíocht éifeachtach a mhúnlú.

Beidh ról claochlaitheach ag an Dlí um Athbhunú Dúlra maidir le hiarrachtaí náisiúnta a stiúradh chun cailliúint bithéagsúlachta a aisiompú. Beidh SPNF lárnach maidir lena chur chun feidhme, agus oibreoidh sé thar earnálacha chun éiceachórais dhíghrádaithe a athchóiriú agus chun tacú le hathléimneacht aeráide agus bithéagsúlachta.

Leanfaimid d'aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chriticiúla ar nós speicis ionracha a rialú agus a dhíothú agus, an tráth céanna, breis is 5 mhilliún cuairteoir a bhainistiú ar fud ár bPáirceanna agus Anaclanna ar bhealach a aimsíonn cothromaíocht idir rochtain agus sláine éiceolaíoch.

Ag féachaint romhainn, beidh ról lárnach rialála agus comhairleach ag SPNF freisin maidir le tacaíocht a thabhairt do spriocanna na hÉireann maidir le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta – lena gcinntítear go mbeidh maoirseacht comhshaoil láidir agus pleanáil atá dearfach don dúlra mar bhonn faoin bhforbairt.

Cuirfear béim láidir freisin ar thalamhúsáid. Cuirfimid go straitéiseach le cinnteoireacht maidir le talamhúsáid, lena n-áirítear trí éadálacha talún spriocdhírithe lena dtacaítear le torthaí caomhantais, dorchlaí bithéagsúlachta, agus nascacht gnáthóige.

Thairis sin, leanfaimid den choireacht fiadhúlra a chomhrac agus de thionscnaimh faoi stiúir an phobail agus tionscnaimh agra-chomhshaoil a leathnú. Áirítear leis sin dreasachtaí d'fheirmeoirí, d'úinéirí talún, agus do phobail a leathnú ionas go ndéanfaidh siad bainistiú agus athchóiriú gníomhach ar a gcuid tailte, lena gcinnteofar go mbeidh maoirseacht áitiúil fós ag croílár na gníomhaíochta náisiúnta bithéagsúlachta.

Mar a bhogaimid ar aghaidh in 2025, tá SPNF fós tiomanta do thorthaí intomhaiste a sheachadadh don dúlra. Agus muid ag tógáil ar an dul chun cinn go dtí seo, leanfaimid den fhorbairt mar eagraíocht – faoi threoir na heolaíochta, agus faoi thionchar ár bhfreagrachta chun oidhreacht nádúrtha na hÉireann a chosaint do ghlúnta amach anseo. Is mór iad na dúshláin romhainn, ach is mór í freisin an deis chun freagairt náisiúnta chlaochlaitheach a stiúradh ar na géarchéimeanna bithéagsúlachta agus aeráide.

Tá SPNF fós tiomanta do thorthaí intomhaiste a sheachadadh don dúlra. Agus muid ag tógáil ar an dul chun cinn go dtí seo, leanfaimid den fhorbairt mar eagraíocht – faoi threoir na heolaíochta, agus faoi thionchar ár bhfreagrachta chun oidhreacht nádúrtha na hÉireann a chosaint



Tá SPNF ar thús cadhnaíochta maidir le freagairt na tíre seo dár ngéarchéim dúlra agus dár riachtanais bhithéagsúlachta. Ní neart go cur le chéile. Agus tacaíocht á tabhairt do rannpháirtíocht níos fearr leis an dúlra, oibreoidh ár bhfoireann thiomanta i gcomhpháirtíocht le saoránaigh, úinéirí talún, pobail, ENRanna, gnólachtaí, gníomhaireachtaí, taighdeoirí agus lenár bpáirtithe leasmhara uile.

Glacann eagraíochtaí amhail an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Uisce Éireann, Foras na Mara, Uiscebhealaí Éireann, Iascach Intíre Éireann, Coillte, Bord na Móna, an Chomhairle Oidhreachta, an Garda Síochána, Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta, Oifig na nOibreacha Poiblí, Ollscoileanna, Údaráis Áitiúla agus Ranna Rialtais, uile páirt in athchóiriú agus cosaint an dúlra.

**Trí oibriú le chéile, cuirfimid torthaí níos fearr ar fáil don dúlra in 2025 agus ina dhiaidh sin.**

NPWS.ie

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland